

Seicliosta Cumarsáide – Ráiteas um Chosaint Leanaí (Ailt 8.11 agus 8.13.6 de na Nósanna Imeachta).

Gnéithe de na Nósanna Imeachta Cosaint Leanaí a chur in iúl do phobal na scoile:

- Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí, an Measúnú Riosca san áireamh, ar taispeáint in áit fheiceálach in aice leis an príomhdhoras.
- Tá ainm an Teagmhálaí Ainmnithe ar taispeáint go soiléir taobh leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí.
- Tá socrúithe déanta chun cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí, mar aon leis an Measúnú Riosca, a chur ar fáil do thuismitheoirí nó don bpobal má iarrtar a leithéid.
- Tá cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí, mar aon leis an Measúnú Riosca, curtha ar fáil mar chruachóip nó trí ríomhphost chuig:
 - an pátrún,
 - pearsanra na scoile ar fad, agus
 - cumann na dtuismitheoirí (nó na tuismitheoirí go léir mura bhfuil Cumann Tuismitheoirí ann)
- Tá cóip den Ráiteas um Chumhdach Leanaí, mar aon leis an Measúnú Riosca, foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile.

Cumarsáid atá riachtanach tar éis don mBord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí:

*(Ní mór an t-athbhreithniú seo a dhéanamh gach bliain **nó** a luaithe is féidir tar éis d'athrú suntasach a bheith tagtha ar ghnó ar bith dá dtagraíonn an Ráiteas um Chumhdach Leanaí. I gcás formhór na scoileanna ciallóidh sé seo nach mór don athbhreithniú bliantúil a bheith déanta roimh an 11 Márta gach bliain. Caithfidh an t-athbhreithniú tosaigh a bheith déanta faoin 11 Márta 2019)*:*

- Tá an fógra scríofa caighdeánach go bhfuil athbhreithniú ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na Scoile déanta, eisithe ag an mBord Bainistíochta** i gcrúachóip nó trí ríomhphost chuig:
 - an pátrún,
 - pearsanra na scoile ar fad, agus
 - cumann na dtuismitheoirí (nó na tuismitheoirí go léir mura bhfuil Cumann Tuismitheoirí ann)
- Tá cóip den bhfógra scríofa caighdeánach** a chuireann in iúl go bhfuil athbhreithniú ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na Scoile déanta, foilsithe ag an mBord Bainistíochta ar shuíomh gréasáin na scoile.

***Ní mór do scoileanna úsáid a bhaint as [‘Teimpléad Éigeantach 3: Liosta Seiceála don Athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí](#) agus an t-athbhreithniú á dhéanamh acu.**

****Lena chois sin ní mór do scoileanna úsáid a bhaint as [‘Teimpléad Éigeantach 4: Fógra maidir le hathbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí’](#)**

nuair a chuirtear in iúl don phátrún, do phearsanra na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí go bhfuil an t-athbhreithniú déanta agus fógra a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile go bhfuil an t-athbhreithniú déanta.